THE LABOUR COURT

An Chúirt Oibreachais



# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019

**Arna cur i láthair an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta faoi Alt 23(1) den Acht Caidrimh Thionscail 1946**

# Contents


An Chúirt Oibreachais in Uimhreacha (2019) .... 2

Brollach ón gCathaoirleach .... 3

Caibidil 1 Feidhmeanna na Cúirte Oibreachais .... 8

1.1 Réamhrá ginearálta .... 8

1.2 Caidreamh tionsclaíoch .... 8

1.3 Cearta fostaíochta .... 10

1.4 Struchtúr na Cúirte Oibreachais .... 11

Caibidil 2 An Bhliain atá á hAthbhreithniú .... 13

2.1 Ceannlínte .... 13

2.2 Achomharc chun na Cúirte .... 14

2.3 Cásanna arna gcur i gcrích .... 15

2.4 Éisteacht sceidealaithe .... 16

2.5 Cás um chaidreamh tionsclaíoch .... 17

2.6 Cásanna um chearta fostaíochta .... 18

Caibidil 3 Atreoruithe díospóidí .... 20

3.1 Treocht cúig bliana 2015 – 2019 .... 20

3.2 Timpeallacht um chaidreamh tionsclaíoch in 2019 .... 20

Caibidil 4 Gníomhaíochtaí eile le linn 2019 .... 21

4.1 Comhchoistí Oibreachais .... 21

4.2 Orduithe Rialaithe Fostaíochta .... 22

4.3 Comhchomhairlí Tionscail .... 22

4.4 Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe .... 22

4.5 Orduithe Fostaíochta Earnála .... 23

4.6 Bréag-éisteachtaí na Cúirte Oibreachais .... 24

4.7 Seirbhísí Inmheánacha .... 24

Aguisín 1: Staidreamh um chaidreamh tionsclaíoch .... 27

Aguisín 2: Staidreamh um chearta fostaíochta .... 29


Aguisín 3: Comhchomhairlí Tionscail cláraithe .... 33

Aguisín 4: Tuilleadh eolais .... 34

Aguisín 5: Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2019 .... 35

Aguisín 6: Clár Oibre na Cúirte Oibreachais le haghaidh 2019 .... 36

## An Chúirt Oibreachais in Uimhreacha (2019)



*1,182 achomharc/ atreorú*



*1,139 éisteacht sceidealaithe*



*887 cás curtha i gcrích agus 342 cás réitithe roimh an éisteacht*



*13 chomhalta*



*17 mball foirne CL*



*11 suíomh cúirte*



*€2.8m caite*

## Brollach ón gCathaoirleach

### *Forléargas*

Feidhmíonn an Chúirt Oibreachais príomhfheidhmeanna reachtúla i ndáil le díospóidí caidrimh thionsclaíoch a réiteach agus feidhmeanna ar leith i ndáil le díospóidí a thagann chun cinn idir fostóirí agus fostaithe faoin dlí um fhostaíocht. Ciallaíonn an creat reachtúil sin gur institiúid atá beagnach uathúil ar bhonn domhanda is ea an Chúirt i gcomhthéacs socruithe arna maoiniú ag an Stát chun díospóidí a réiteach idir fostóirí agus fostaithe.

Tá an Chúirt tiomanta do na feidhmeanna sin a sholáthar ar bhealach inniúil agus saineolach. Chun an uaillmhian sin a bhaint amach éilítear ar an gCúirt eolas agus tuiscint a léiriú ar chineál agus ar fheidhmiú an chaidrimh fostaíochta agus an chomhthéacs eacnamaíoch ina n-oibrítear an caidreamh sin. Go sonrach, ní mór don Chúirt tuiscint a bheith aici ar shaol caidrimh thionsclaíoch na tíre lena n-áirítear feidhmiú an chomhchaidrimh san fhostaíocht in Éirinn. Lena chois sin, ní mór don Chúirt ardleibhéal inniúlachta agus saineolais sa réimse dlí um fhostaíocht a thaispeáint agus a sholáthar.

Is í príomhshócmhainn na Cúirte maidir leis sin cúlra caidrimh thionsclaíoch agus taithí a comhaltaí chomh maith le saineolas na gcomhaltaí sin maidir leis an dlí um fhostaíocht. Tá comhaltaí na Cúirte tiomanta d'fhoghlaim agus d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach lena n-áirítear i gcomhthéacs an dlí de réir mar a thiocfaidh sé chun cinn agus stiúradh an chaidrimh thionsclaíoch agus fostaíochta de réir mar a fhorbróidh siad. Baineann comhaltaí aonair na Cúirte leas as a dtaithí chúlra ar an dlí agus ar an gcaidreamh tionsclaíoch agus forbraíonn siad air sin trí fhoghlaim agus trí fhorbairt. Tá an Chúirt tiomanta do thacaíocht a thabhairt don chonair sin chuig soláthar seirbhíse cáilíochta trí chláir inmheánacha foghlama agus tacaíonn sí le rannpháirtíocht na gcomhaltaí maidir le cláir staidéir agus foghlama a sholáthar go seachtrach.

Is comhartha de luach agus rath na Cúirte é go bhfuil formhór a Moltaí maidir le caidreamh tionsclaíoch á nglacadh ar bhonn deonach ag na páirtithe in ainneoin go raibh easaontas i gceist leis an gconair chuig an gCúirt. Mar an gcéanna, le hobair na Cúirte maidir le díospóidí ceart fostaíochta soláthraíodh leibhéal an-íseal achomharc chun na hArd-Chúirte ar phointí dlí nó ar athbhreithniú breithiúnach a tháinig chun cinn óna cinntí. I gcoinne na mbeart sin is féidir a thaifeadadh go cóir go soláthraíonn an Chúirt seirbhís neamhchlaonta ardchaighdeáin atá ábhartha d'fhíor-riachtanais oibrithe agus fostóirí agus a n-ionadaithe lena n-áirítear Ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí.

Tá an creat réitigh díospóidí maidir le caidreamh tionsclaíoch institiúideach um chomhréiteach ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus atreorú ar aghaidh chuig Cúirt na rogha deiridh" más cuí fós ina sciath chosanta dár gcóras caidrimh thionsclaíoch. Bhrath ábharthacht an chreata i gcónaí ar shaineolas agus ar thiomantas bhaill foirne Sheirbhís Comhréitigh an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus bhaill na Cúirte Oibreachais. I gcásanna díospóide is é iontaoibh agus muinín na bpáirtithe sna daoine aonair sin a chruthaíonn creidiúnacht ar a mbraitheann na hinstitiúidí. Is fianaise é an leibhéal íseal gníomhaíochta díospóidí sa gheilleagar in 2019 ar éifeachtúlacht leanúnach an chreat réitigh díospóidí sin.

Tá achair ama d'úsáideoirí chun críochnaitheacht a bhaint amach ina ndíospóidí atá bunaithe ar chearta fostaíochta réasúnta agus, nuair a chuirtear le meadarachtaí eile iad, is

táscaire láidir iad go bhfuil an uaillmhian á baint amach maidir le seirbhís 'den chéad scoth' a chur ar fáil d'fhostóirí agus d'oibrithe i ndáil le dul i ngleic le díospóidí atá bunaithe ar an dlí. Le rátaí ísle achomharc ón gCúirt chun na hArd-Chúirte tugtar tuilleadh tacaíochta don mhaíomh go bhfuil obair na Cúirte sa réimse seo éifeachtúil agus go bhfuiltear ag baint riachtanais na bhfostóirí agus na n-oibrithe amach.

Tháinig méadú ar na hachomhairc sa Chúirt Oibreachais maidir le cinntí arna ndéanamh ag Oifigigh Breithnithe a rinneadh faoin dlí um fhostaíocht le blianta beaga anuas. Tháinig méadú suntasach ar na hachomhairc sin ó 399 in 2015 go 702 in 2019. Léiríonn an méadú ar líon na n-achomharc tabhairt le chéile na mbealaí achomhairc ar fad go dtí an bealach aonair achomhairc chun na Cúirte Oibreachais in 2015 seachas treocht ar bith a tháinig chun cinn maidir le méadú ar dhíospóidí idir fostóirí agus oibrithe a tháinig as cearta fostaíochta faoin dlí.

Foinsítear an Chúirt tríd an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Tá leibhéal na n-acmhainní sin a theastaíonn chun seirbhísí na Cúirte a sholáthar curtha ar fáil ar bhonn comhsheasmhach don Chúirt, trína caidreamh cuiditheach agus rannpháirteach leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Is é oibleagáid na Cúirte sa chomhthéacs sin leas a bhaint as na hacmhainní sin ar an mbealach is cost-éifeachtúla agus is féidir chun luach maith ar an airgead poiblí a chinntiú. Lean an Chúirt, sa chomhthéacs sin, le béim a chur ar éifeachtúlacht a hoibríochtaí inmheánacha ag díriú go sonrach ar úsáid a bhaint as TFC agus as próisis éifeachtacha ghnó chun dea-luach agus dea-sheirbhís phoiblí a chur ar fáil. Tá sé beartaithe leis an bhfócas straitéiseach sin cumas digiteach na Cúirte a fheabhsú agus dá réir sin a hinrochtaineacht d'úsáideoirí a fheabhsú.

## *Príomh-buaicphointí*

Mar thaca lena feidhmeanna reachtúla, chuir an Chúirt Oibreachais líon tionscnamh chun cinn le linn 2019.

### *Rialacha na Cúirte Oibreachais*

Soiléiríonn an Chúirt Oibreachais na nósanna imeachta d'úsáideoirí na seirbhíse. Leanann an Chúirt lena rialacha a nuachóiriú, a fheabhsú agus a shimpliú. Ar an 21 Eanáir 2019 d'aisghairm an Chúirt Rialacha na Cúirte Oibreachais (Achtú na gCeart Fostaíochta) 2016 agus chuir sí Rialacha na Cúirte Oibreachais 2019 ina n-ionad.

### *Plean Straitéiseach 2019-2021*

Chuir an Chúirt Oibreachais níos mó béim ar phleanáil straitéiseach lena chinntiú go mbeidh sí ábalta a misean a bhaint amach, is é sin *"Socruithe ardchaighdeáin, córa agus neamhchlaonta a chur ar fáil maidir le réiteach díospóidí tionsclaíocha agus cinneadh achomharc maidir le díospóidí atá bunaithe ar an dlí um fhostaíocht."* Leagadh síos leis an bPlean Straitéiseach spriocanna agus cuspóirí don Chúirt Oibreachais thar thréimhse trí bliana lena gcuirfear ar a cumas díriú ar a príomhchuspóirí agus acmhainní a leithdháileadh ar bhealach pleanáilte chun cur lena misean.

### *Athbhreithniú ar an bPróiseas Gnó*

Tá córas riaracháin éifeachtacha agus éifeachtúla lárnach do sholáthar na Cúirte maidir lena feidhmeanna reachtúla ar bhealach lena bhfeabhsaítear soláthar dea-sheirbhíse don phobal. In 2019 rinne an Chúirt athbhreithniú ar a próisis riaracháin lena chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta a úsáidtear cuí agus éifeachtach agus go mbaineann siad leas maith as

acmhainní. Beidh an t-athbhreithniú sin ina thaca ríthábhachtach do thabhairt isteach na Cúirte de chóras bainistíochta cásanna bunaithe ar TFC mar chuid de dhigitiú beartaithe a gníomhaíochtaí. Is ionann na tionscnaimh sin agus na céimeanna praiticiúla atá á ndéanamh ag an gCúirt lena chinntiú go ndéanfar a cuid seirbhísí a sholáthar ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla chun tacú lenár gcuspóir a bhaint amach maidir le seirbhísí poiblí inrochtana a sholáthar.

### *Seirbhís do Chustaiméirí*

Le linn 2019 leag an Chúirt amach a Cairt agus a Plean Gníomhaíochta Custaiméirí 2019-2021 ar an leibhéal seirbhíse a bhféadfaí úsáideoirí a bheith ag súil leis má bhíonn cúis acu le leas a bhaint as a seirbhísí.

D'fhoilsigh an Chúirt a Nósanna Imeachta Gearán chomh maith dóibh siúd ar mian leo gearán a dhéanamh faoi cháilíocht na seirbhíse do chustaiméirí arna cur ar fáil ag an gCúirt. Déantar soiléir é sna nósanna imeachta sin nach soláthraíonn siad modh chun gearán a dhéanamh i ndáil le ábhar Molta/Cinnidh/Socraithe/Ordaithe arna ndéanamh ag an gCúirt Ní féidir cinntí maidir le cearta fostaíochta a achomharc ar phointe dlí ach chun na hArd-Chúirte amháin agus tá obair na Cúirte sa réimse seo faoi réir athbhreithniú breithiúnach ar thionscnamh aon pháirtí.

Le linn 2019 lean an Chúirt Oibreachais le feabhas a chur ar a córais um bainistíocht cásanna agus faisnéise bainistíochta lena chinntiú go soláthraíonn na córais sin na meadarachtaí lena dtomhaistear feidhmíocht na Cúirte go cuí agus lena n-éascaítear pleanáil éifeachtúil agus socrú cuspóirí.  Táthar ag leanúint den obair isteach sa bhliain 2020.

### *Suíomh Gréasáin*

Tá a fhios ag an gCúirt Oibreachais faoin ngá atá le haird úsáideoirí agus úsáideoirí ionchasacha a tharraingt air gur comhlachtaí reachtúil ar leith is ea an Chúirt Oibreachais agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ag a bhfuil róil ar leith le déanamh feadh na mbealaí maidir le réiteach díospóidí fostaíochta. Is í an Chúirt Oibreachais "Cúirt na rogha deiridh" le haghaidh réiteach deonach díospóidí caidrimh thionsclaíoch i gcás nár baineadh réiteach amach in iarrachtaí ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Mar an gcéanna, is í an Chúirt an comhlacht trínar féidir achomhairc chinntí Oifigigh Bhreithnithe an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre a achomharc i ndíospóidí atá bunaithe ar an dlí um fhostaíocht. Leis na róil sin teastaíonn fad agus scaradh ar bhonn institiúideach agus oibriúcháin idir an Chúirt agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Tá tuiscint ar an scaradh sin i measc úsáideoirí agus úsáideoirí ionchasacha riachtanach le haghaidh éifeachtúlacht chonair iomlán institiúideach an réitigh díospóidí.

Leanadh le hobair le linn 2019 chun féiniúlacht na Cúirte a fhorbairt trína litríocht agus trína láithreacht ar an ngréasáin. Mar thoradh ar an obair sin, i mí na Bealtaine 2019 seoladh www.labourcourt.ie atá ar leithligh agus sainiúil óna bhaile traidisiúnta ar www.workplacerelations.ie. Ó dháta a sheolta go dtí deireadh 2019 bhí 26,000 úsáideoir ar an suíomh gréasáin úr agus bhí 38,000 seisiún ann.

### *Cumann Eorpach Bhreithiúna na gCúirteanna Oibreachais (EALCJ)*

Bhí an onóir ag an gCúirt Oibreachais comhdháil EALCJ 2019 a óstáil i mBaile Átha Cliath ar an 6 - 8 Meitheamh. Bunaíodh an EALCJ in 1995 mar chumann neamhspleách Breithiúna

ó Chúirteanna Oibreachais agus ó chomhlachtaí comhchosúla ar fud na hEorpa. Díríonn an EALCJ ar chur chun cinn na foghlama agus na comhroinnte faisnéise sa réimse um dhlí fostaíochta agus um chleachtas breithiúnach. Ba é téama Chomhdháil Bhaile Átha Cliath, inar labhair Regina Doherty Uasal, an tAire Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialta, agus an Breitheamh Mary Fathery Uasal, "Ag Trasnú Teorainneacha: An Dlí Oibreachais a chur i bhFeidhm i dTimpeallachtaí Trasnáisiúnta." Rinne an lucht freastail machnamh ar an dlí a bhaineann le hoibrithe idirnáisiúnta agus imirceach, nuachóiriú rialacháin dhlíthiúla an Aontais Eorpaigh atá deartha chun dul i ngleic le fadhb na "n-oibrithe ar post", agus cuid de na himpleachtaí maidir leis an dlí oibreachais a d'fhéadfadh a bheith i gceist le margadh saothair Eorpach i ndiaidh Brexit.

## *Líon na n-atreoruithe*

In 2019, fuair an Chúirt 1,182 atreorú faoi na reachtanna éagsúla laistigh dá dlínse. Tá sé sin i gcomparáid le 1,169 a fuarthas in 2018 agus is ionann é agus méadú 1.1%. Tháinig méadú ar leibhéal na n-achomharc maidir le cásanna caidrimh thionsclaíoch ó 399 in 2018 go 479 in 2019, arb é sin méadú 20.1%. Tháinig laghdú 8.7% ar leibhéal na n-achomharc maidir le cásanna ceart fostaíochta ó 770 in 2018 go 703 in 2019.

In 2019, ba é 60% cion na n-atreoruithe chuig an gCúirt a bhí bunaithe ar chearta fostaíochta - athrú ar an scéal in 2015 nuair ab ionann líon na n-atreoruithe maidir le díospóidí caidrimh thionsclaíoch agus ceart fostaíochta agus beagnach 50:50 díreach glan. Tá sé measta go leanfar den treocht um fhormhór na n-achomharc chun na Cúirte a thagann chun cinn sa réimse as cearta fostaíochta ag fás amach sa todhchaí.

Ba cheart cuimhne a choinneáil, áfach, gur díospóidí is ea atreoruithe um chearta fostaíochta den chuid is mó, a bhaineann le daoine aonair agus d'fhéadfadh líonta suntasacha oibrithe in atreorú amháin a bheith i gceist le comhdhíospóidí sa réimse caidrimh thionsclaíoch. Go bunúsach, tá an tionchar is forleithne ag obair na Cúirte sa réimse caidrimh thionsclaíoch ar fud an gheilleagair i gcomhthéacs a moltaí in ainneoin an phatrúin atreoraithe chuig an gCúirt i gcomhthéacs ceart fostaíochta i gcomparáid le caidreamh tionsclaíoch.

## *Forléargas ar chaidreamh tionsclaíoch*

Tá sé taifeadta áit éigin eile sa tuarascáil seo go bhfuil an leibhéal de ghníomhaíocht díospóidí tionsclaíocha sa gheilleagar fós íseal. Is léiriú é seo, dar leis an gCúirt Oibreachais, ar chumas leanúnach na n-oibrithe agus a gCeardchumann ionadaíoch agus na bhfostóirí agus a n-ionadaithe le bheith rannpháirteach go héifeachtúil agus go fiúntach i gcomhar lena chéile chun díospóidí a réiteach agus más gá brath ar institiúidí an Stáit, lena n-áirítear an Chúirt Oibreachais, chun réiteach a fháil i gcás nach n-éireodh le rannpháirtíocht dhíreach.

Le linn na bliana dhéileáil an Chúirt le líon díospóidí a bhain le héilimh ó Cheardchumainn maidir le méaduithe ar phá. Rinneadh na héilimh sin i gcoinne an chúlra den fheabhas coibhneasta ar an ngeilleagar go ginearálta agus ar chúinsí eacnamaíocha agus tráchtála go leor fostaíochta. Ba é cur chuige na Cúirte méaduithe ar phá a mholadh i gcás go raibh údar leis sin agus go raibh sé inbhuanaithe, ag cur san áireamh cúinsí na fostaíochta lenar bhain agus neart an cháis thar ceann na n-oibrithe a raibh na n-éilimh á ndéanamh ar a son.

Maidir leis sin ní mór an bhéim a leagan go mbreithníonn an Chúirt gach díospóid faoi phá ar a fhiúntas féin. Cinntíonn an Chúirt go bhfuil sí ar eolas faoi na treochtaí maidir le cinneadh pá sa gheilleagar go ginearálta ach ní leagan sí síos na treochtaí sin. Le gach Moladh de chuid na Cúirte féachtar le tuairim a léiriú go neamhchlaonta maidir le fiúntas na díospóide san fhostaíocht faoi leith a thagann os comhair na Cúirte.

## *Admháil*

Ba mhaith liom mo bhuíochas as obair agus díograis bhaill foirne agus fhoireann na Cúirte Oibreachais a chur ar in iúl. Lena dtiomantas don tseirbhís phoiblí agus a ndíograis do thorthaí cáilíochta leantar lena chinntiú go gcomhlíonann an Chúirt Oibreachais a sainordú reachtúil. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil, go háirithe, do Cheann an Riaracháin ag an gCúirt Oibreachais, Fiona O’Dea, Uasal, a thug tacaíocht luachmhar agus shaineolach dom maidir le gnóthaí riaracháin na Cúirte a bhainistiú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys, Uasal, agus leis an Aire Trádála, Fostaíochta, Gnó, Mhargadh Digiteach AE agus Cosanta Sonraí, an tUasal Pat Breen, as a dtacaíocht leanúnach don Chúirt. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil go sonrach chomh maith leis an Dr Orlaigh Quinn, Ard-Rúnaí na Roinne agus Clare Dunne, Uasal, an tArd-Rúnaí Cúnta atá freagrach as Rialachán sa Láthair Oibre agus Rannán Imirce Eacnamaíche na Roinne, agus leis an bhfoireann iomlán sa Rannán sin as a dtacaíocht agus a gcúnamh luachmhar leanúnach le linn na bliana.

**Kevin Foley**
**Cathaoirleach**
**Aibreán 2020**

# Caibidil 1 Feidhmeanna na Cúirte Oibreachais

## *1.1 Réamhrá ginearálta*

Bunaíodh an Chúirt Oibreachais leis an Acht Caidrimh Thionscail 1946 lenar ceapadh feidhmeanna chun cuidiú le saincheisteanna caidrimh thionsclaíoch a réiteach. Rinneadh feabhas suntasach ar fhreagrachtaí agus ar róil na Cúirte thar na blianta mar thoradh ar an méadú ar an reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach um fhostaíocht lena n-áirítear achtú an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 lena bhforáiltear go bhfuil an dlínse achomhairc aonair ag an gCúirt Oibreachais i ngach díospóid a thagann chun cinn faoi achtacháin um chearta fostaíochta.

Féadfar ról na Cúirte a roinnt go leathan idir a hobair maidir le caidreamh tionsclaíoch (na saincheisteanna sin a thagann os comhair na Cúirte faoi fhorálacha na nAchtanna Caidrimh Thionscail), agus a hobair maidir le cearta fostaíochta (na cásanna a atreoraítear chuici faoi cheann ar bith de na hachtanna um chearta fostaíochta).

*Ráiteas Misin na Cúirte Oibreachais*

Socruithe ardchaighdeáin, córa agus neamhchlaonta a chur ar fáil maidir le réiteach díospóidí caidrimh thionsclaíoch agus cinneadh achomharc maidir le díospóidí atá bunaithe ar an dlí um fhostaíocht.

## *1.2 Caidreamh tionsclaíoch*

Déantar foráil i leith bhainteacht na Cúirt Oibreachais sa réimse um chaidreamh tionsclaíoch sna hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2015 agus d'fhéadfadh cineálacha éagsúla bainteachta a bheith i gceist. Is é seo a leanas na príomhchineálacha:

### *Imscrúdú ar dhíospóidí caidrimh thionsclaíoch*

Bheadh cion mór de na díospóidí caidrimh thionsclaíoch a thagann os cionn na Cúirte lena n-imscrúdú faoi réir iarrachtaí cheana ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (trí bhíthin comhréitigh idir na páirtithe) chun réiteach comhaontaithe a lorg. Déantar díospóid a 'atreorú' chuig an gCúirt i gcás go n-iarrann an dá pháirtí ar an gCúirt imscrúdú a dhéanamh ar an díospóid. Nuair a dhéantar an t-iarratas sin, tionólfaidh an Chúirt éisteacht, agus ina dhiaidh sin féadfaidh sí, agus de ghnáth déanann sí, 'Moladh' a eisiúint ina leagtar amach tuairimí na Cúirte, bunaithe ar fhiúntas na díospóide, maidir le cad é a bheadh ina réiteach réasúnta ar an tsaincheist (saincheisteanna) sa díospóid. Níl an Moladh ina cheangal ar na páirtithe acu is féidir leis na páirtithe bheith ag súil le breithniú go dáiríre agus go cuí ar Mholadh 'Chúirt na rogha deiridh' arna lorg acu roimhe sin.

Mar rogha eile maidir le dul ar aghaidh trí chomhréiteach leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, féadfaidh páirtí amháin nó an dá pháirtí díospóidí a atreorú go díreach chuig an gCúirt le comhaontú roimh ré go mbeidh siad faoi cheangal Mholadh na Cúirte.

Tá forálacha speisialta ann maidir le díospóidí i gcás nach bhfuil socruithe i bhfeidhm laistigh den fhostaíocht. I gcás dá leithéid, eiseoidh an Chúirt Moladh i ndiaidh a himscrúdaithe agus mura gcloítear le téarmaí an Mholta laistigh de thréimhse faoi leith, féadfaidh an Chúirt ar iarratas 'Cinneadh' in-fheidhmithe a eisiúint.

## *Achomhairc ar mholtaí Oifigeach Breithnithe*

Féadfar díospóid caidrimh thionsclaíoch a bhaineann le hoibrí amháin a atreorú ar dtús chuig Breithneoir le haghaidh Molta. Féadfaidh ceachtar páirtí Moladh an Bhreithneora a achomharc chun na Cúirte Oibreachais agus, i ndiaidh di éisteacht leis an dá pháirtí, eiseoidh Chúirt 'Cinneadh' a bheidh ina cheangal ar an dá pháirtí.

## *Clárú Comhaontuithe um Fhostaíocht*

Déantar cur síos ar obair na Cúirte sa réimse seo níos déanaí sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Go ginearálta, bainfidh sé le comhaontú a chláróidh an Chúirt maidir le pá agus coinníollacha fostaíochta oibrithe d'aicme, cineál nó grúpa ar bith, a dhéantar idir ceardchumann nó ceardchumainn oibrithe agus fostóir amháin nó níos mo nó ceardchumann fostóirí amháin nó níos mó, atá ina cheangal ar na páirtithe sa chomhaontú amháin i ndáil le hoibrithe na haicme, an chineáil nó an ghrúpa sin.

## *Orduithe Fostaíochta Earnála*

Ar iarratas a fháil, féadfaidh an Chúirt Oibreachais athbhreithniú a thionscnamh maidir le teidlíochtaí pá agus pinsin agus pá breoiteachta oibrithe in earnáil faoi leith agus, má mheasfar cuí é, moladh a dhéanamh chuig an Aire maidir leis an gceist. Féadfar iarratas dá leithéid a dhéanamh trí:

- Ceardchumann oibrithe;
- Ceardchumann nó eagraíocht fostóirí; nó
- Ceardchumann oibrithe i gcomhar le ceardchumann nó eagraíocht fostóirí (ní mór don cheardchumann oibrithe agus don eagraíocht fostóirí bheith ionadaíoch go substainteach do na hoibrithe agus do na fostóirí san earnáil lena mbaineann an iarratas

Má bhíonn an tAire sásta gur chloígh an Chúirt Oibreachais leis an bpróiseas dá ndéantar foráil san Acht Caidrimh Thionscail 2015, déanfaidh sé/sí an tOrdú. I gcás go ndéanfar ordú dá leithéid beidh sé ina cheangal ar fud na hearnála lena mbaineann sé agus beidh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ábalta é a fhorfheidhmiú.

## *Comhchoistí Oibreachais / Orduithe Rialaithe Fostaíochta*

Cuirtear síos ar an réimse seo um ghníomhaíochtaí na Cúirte Oibreachais sa Tuarascáil chomh maith.

Tá Comhchoiste Oibreachais comhdhéanta d'ionadaithe fostóirí agus oibrithe san earnáil ábhartha faoi chathaoirleach neamhspleách. Nuair a thagann sé ar chomhaontú maidir le téarmaí agus coinníollacha foilsíonn an Comhchoiste Oibreachais sonraí agus iarrann sé aighneachtaí. I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar aighneachtaí dá leithéid, féadfaidh an Coiste tograí a dhéanamh chun Ordú Rialaithe Fostaíochta (ORF) a dhéanamh.

Is éard is ORF ann ionstraim reachtúil lena leagtar amach tuarastail agus coinníollacha fostaíochta a bhaineann le gráid nó catagóirí oibrithe faoi leith in earnáil faoi leith. Ar bhonn na dtograí a fhaightear ón gComhchoiste Oibreachais don earnáil sin agus a ghlac an Chúirt Oibreachais, déanann an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ordú lena ndearbhaítear téarmaí an ORF má bhíonn sí sásta gur comhlíonadh na coinníollacha reachtúla. Ní mór

gach ordú a dhéanfaidh an tAire a chur faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais agus féadfaidh ceachtar teach iad a chur ar neamhní le rún.

## *Cóid Chleachtais*

Déantar foráil san Acht Caidrimh Thionscail, 1990 i leith ullmhú 'cód cleachtas' maidir le caidreamh tionsclaíoch ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. I gcás go bhfuil cód dá leithéid i bhfeidhm, féadfar iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Oibreachais ar léirmhíniú ar na téarmaí ann. Lena chois sin, féadfar gearán maidir le sárú cóid a dhéanamh leis an gCúirt.

## *1.3 Cearta fostaíochta*


Baineann príomhobair na Cúirte sa réimse ceart fostaíochta le gníomhú mar an gcomhlacht achomhairc aonair um achomharc a dhéanamh maidir le cinntí Oifigigh Breithnithe an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre arna ndéanamh faoi achtacháin um chearta fostaíochta.

Faomhann an Chúirt comhaontuithe comhchoiteanna a dhéantar faoin Acht um Eagrú Am Oibre, 1997 agus comhaontuithe comhchoiteanna i ndáil le corrfhostaithe páirtaimseartha faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001.

## *1.4 Struchtúr na Cúirte Oibreachais*

### *An Chúirt Oibreachais*


Tá 13 bhall foirne lánaimseartha sa Chúirt Oibreachais: Cathaoirleach, ceithre Leas-Chathaoirleach, agus ocht nGnáthbhall, agus tá ceathrar acu ina mBaill Fostóra agus ceathrar acu ina mBaill Fostaí.




**Nóta:** Ceaptar an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach agus an Cláraitheoir i ndiaidh comórtas poiblí arna chomhordú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Ceapann an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta na Gnáthbhaill i ndiaidh do IBEC Baill Fostóra agus do ICTU Baill Oibrí a ainmniú.

## *Éisteacht*

Glacann Rannán de chuid na Cúirte gach éisteacht de chuid na Cúirte ina mbíonn Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach, Ball Oibrí agus Ball Fostóra.





## *Cláraitheoir*

An Cláraitheoir ar fhoinsí na Cúirte Oibreachais agus soláthraíonn sé seirbhísí dlíthiúla agus comhairle dhlíthiúil don Chúirt Oibreachais agus a feidhmeanna reachtúla á gcomhlíonadh aici.

## *Cúrsaí Riaracháin na Cúirte Oibreachais*

Tacaítear leis an gCúirt Oibreachais ina feidhm le seirbhís riaracháin ar a bhfuil foireann fostaithe buana ar státseirbhísigh iad agus atá ina gcuid de bhunú sholáthar foirne na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, arna sannadh idir an dá linn don Chúirt Oibreachais.



# Caibidil 2 An Bhliain atá á hAthbhreithniú

## 2.1 Ceannlínte


Le linn 2019, maidir leis an gCúirt Oibreachais:

- fuarthas 1,182 achomharc/atreorú[1];
- sceidealaíodh 1,139 éisteacht;
- eisíodh 587 Moladh/ Socrú / Cinneadh;
- imscrúdaíodh 300 cás a socraíodh roimh éisteachta nó ag éisteacht.

Lena chois sin, le linn na bliana

- rinne páirtithe 342 achomharc/atreorú a aistarraingt roimh an éisteacht;
- cuireadh 39 cás siar, agus bhí 16 cinn díobh fós curtha siar ag deireadh na bliana;
- i 36 cás fuarthas ar atreorú go raibh siad lasmuigh de na teorainneacha ama reachtúla chun cásanna a fháil.

*Léaráid 1: Gníomhaíochtaí ceannlíne*




[1] Nóta míniúcháin staidreamh na Cúirte Oibreachais: Gabhann uimhir thagartha CA faoi leith arna leithdháileadh ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre le gach cinneadh. In achomharc chun na Cúirte maidir le cinneadh Oifigeach Bhreithnithe ní mór an cinneadh a shainaithint faoin achomharc le sonraíocht na huimhreach CA. Is í an uimhir CA Uimhir Thagartha Gearáin an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus is fothacar í d’Uimhir Thagartha Breithnithe an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre lena mbaineann (Uimh. Bhreithnithe). D’fhéadfadh go gcuimseodh breithniú lena ngabhann uimh. Bhreithnithe an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre raon cinntí arna ndéanamh faoi achtacháin fostaíochta faoi leith. Beidh uimhir uathúil CA ag gabháil le cinneadh dá leithéid. I gcás go n-achomharcfaidh an t-achomharcóir líon cinntí ní mór uimhir uathúil CA gach cinnidh a lua ar dhoiciméid an achomhairc. Tá gach achomharc lena sonraítear uimhir uathúil CA an chinnidh ina achomharc aonair.

Tá sé tábhachtach a shonrú go dtagann an difríocht idir achomhairc a fuarthas agus cásanna a [2]cuireadh i gcrích chun cinn toisc go ndéanfar líon achomharc i mbliain faoi leith ar bith a aistarraingt, a chur siar, a chur ar atráth, a chur ar athlá nó toisc go raibh sé rómhall sa bhliain i gcomhair éisteachta don bhliain sin. D'fhéadfadh cásanna a tosaíodh i mblianta seachas 2019 a bheith ina gcásanna dá dtagraítear mar chásanna arna gcur i gcrích.

Le linn 2019 fuarthas iarratas ar OFE d'Earnáil Conarthaí na Seirbhísí Tógála Innealtóireachta Meicniúla agus tháinig na hOrduithe Fostaíochta Earnála (OFEnna) seo a leanas  i bhfeidhm:

- Tháinig Ordú na Fostaíochta Earnála (an Earnáil Conarthaí Leictreachais) 2019 (I.R. Uimh. 251 de 2019) i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2019 agus tá feidhm aige maidir leis an Earnáil Conarthaí Leictreachais mar a shainítear san ordú;
- Tháinig Ordú na Fostaíochta Earnála (Tógáil) (I.R. Uimh. 234 de 2019) i bhfeidhm ar an 1 Deireadh Fómhair 2019 agus tá feidhm aige maidir le gach gnóthas tógála agus gach gnóthas innealtóireachta sibhialta mar a shainítear san ordú.

## *2.2 Achomharc chun na Cúirte*


Tháinig méadú 1.1% ar na hachomhairc chun na Cúirte Oibreachais in 2019 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (ó 1,169 go 1,182).

B'ionann achomhairc faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1946 go 2015 agus 40% de na hachomhairc ar an iomlán.  Léiríodh méadú foriomlán 20.1% san aicme seo achomharc thar líon na n-achomharc sin a fuarthas in 2018 (ó 399 go 479).

B'ionann achomhairc faoin reachtaíocht um cheartas fostaíochta agus 60% de na cásanna a cuireadh os comhair na Cúirte, arb é sin laghdú 8.7% (ó 770 in 2018 go 703 in 2019).

[2] Cuimsítear sna "cásanna arna gcur i gcrích" na hachomhairc sin (a) a socraíodh ag éisteacht nó roimh éisteacht agus (b) ar eisíodh moladh, socrú nó cinneadh ina leith.

*Léaráid 2: Achomhairc um chaidreamh tionsclaíoch agus um chearta fostaíochta chun na Cúirte.*





Féach Aguisíní 1 agus 2 le haghaidh miondealú ar na figiúirí achomharc ceannlíne sin.

## 2.3 Cásanna arna gcur i gcrích

Cuimsítear sna "cásanna arna gcur i gcrích" na hachomhairc sin (a) a socraíodh ag éisteacht nó roimh éisteacht agus (b) i ndáil lenar eisíodh moladh, socrú nó cinneadh.

B'ionann líon na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2019 agus 887, méadú ó 679 in 2018 (30.6%).

*Léaráid 3: Cásanna um chaidreamh tionsclaíoch agus um chearta fostaíochta arna gcur i gcrích ag an gCúirt.*





Féach Aguisíní 1 agus 2 le haghaidh miondealú ar na figiúirí achomharc ceannlíne sin.

Ina theannta sin, d'aistarraing páirtithe 342 cás (116 caidreamh tionsclaíoch agus 226 ceart fostaíochta) le linn 2019 i gcomparáid le 220 in 2018. Bhí fuílleach eile cásanna curtha siar nó bhíothas á sceidealú ag deireadh na bliana.

## *2.4 Éisteacht sceidealaithe*

Sceidealaigh an Chúirt 1,139 éisteacht san iomlán in 2019 ag 11 suíomh.[3]

Léirítear sa léarscáil thíos líon na gcásanna atá sceidealaithe lena n-éisteacht de réir shuíomh an fhostóra.




[3] Áirítear leis an bhfigiúr sin éisteachtaí a athsceidealaíodh i ndiaidh chur ar atráth/chur ar athlá na chéad éisteachta agus cásanna a réitíodh nó a aistarraingíodh roimh an éisteacht sceidealaithe.


## *2.5 Cás um chaidreamh tionsclaíoch*

Tháinig méadú 20.1% ar líon na gcásanna a fuarthas faoin Acht Caidrimh Thionscail 1946-2015 in 2019 i gcomparáid le 2018 (ó 399 go 479). Bhí méadú 70.1% ar líon na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2019 (i.e. réitithe nó ar eisíodh moladh ina leith) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (ó 253 go 432). Ina theannta sin, d'aistarraing páirtithe 116 cás le linn 2019, méadú 110.9% ó 55 in 2018.

Is féidir féachaint ar théacs gach ceann de na cásanna ar eisigh an Chúirt moladh ina leith ar shuíomh gréasáin na Cúirte ag www.labourcourt.ie.

Tá sé tábhachtach a shonrú maidir leis na sonraí thíos go dtagann an difríocht idir cásanna a fuarthas agus cásanna a [4]cuireadh i gcrích chun cinn toisc go ndéanfar líon cásanna i mbliain faoi leith ar bith a aistarraingt, a chur siar, a chur ar atráth, a chur ar athlá nó toisc go raibh sé rómhall sa bhliain i gcomhair éisteachta don bhliain sin.

*Léaráid 4: Gníomhaíocht cásanna um chaidreamh tionsclaíoch*




Tá faisnéis maidir le próifíl na gcásanna um chaidreamh tionsclaíoch a fuarthas agus a cuireadh i gcrích in 2019 ar fáil ag Aguisín 1.

[4]Cuimsítear sna "cásanna arna gcur i gcrích" na cásanna sin (a) a socraíodh ag éisteacht nó roimh éisteacht agus (b) ar eisíodh moladh, socrú nó cinneadh ina leith.


## *2.6 Cásanna um chearta fostaíochta*

Tháinig laghdú 8.7% ar líon na n-achomharc um chearta fostaíochta a fuair an Chúirt in 2019 i gcomparáid le 2018 (ó 770 go 703). Bhí méadú 6.8% ar líon na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2019 (i.e. réitithe nó ar eisíodh cinneadh moladh ina leith) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (ó 426 go 455). Ina theannta sin, d'aistarraing páirtithe 226 cás le linn 2019, méadú ó 165 in 2018 (36.9%).

Is féidir féachaint ar théacs gach ceann de na cásanna inar eisigh an Chúirt cinneadh ar shuíomh gréasáin na Cúirte ag www.labourcourt.

Tá sé tábhachtach a shonrú maidir leis na sonraí thíos go dtagann an difríocht idir achomhairc a fuarthas agus cásanna a [5]cuireadh i gcrích chun cinn toisc go ndéanfar líon achomharc i mbliain faoi leith ar bith a aistarraingt, a chur siar, a chur ar atráth, a chur ar athlá nó toisc go raibh sé rómhall sa bhliain i gcomhair éisteachta don bhliain sin.

*Léaráid 5: Gníomhaíocht um achomhairc ceart fostaíochta*




Tá faisnéis maidir le próifíl na n-achomharc um chearta fostaíochta a fuarthas, a cuireadh i gcrích agus a aistarraingíodh in 2019 ar fáil ag Aguisín 2.

As an 703 achomharc um chearta fostaíochta a fuair an Chúirt le linn 2019, bhain 55.2% (388) díobh le hachomhairc a rinneadh faoin na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1997 - 2017, faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2012 agus faoin Acht um Eagrú Am Oibre, 1997.


[5]Cuimsítear sna "cásanna arna gcur i gcrích" na hachomhairc sin (a) a socraíodh ag éisteacht nó roimh éisteacht agus (b) ar eisíodh moladh, socrú nó cinneadh ina leith.

Is iad príomhfheidhmeanna na Cúirte faoi:

- Acht um Dhífhostú Éagórach 1997 - 2017 achomhairc chinntí Oifigeach Breithnithe faoi na hAchtanna a chinneadh;
- na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 - 2012 achomhairc chinntí Oifigeach Breithnithe faoi na hAchtanna a chinneadh;
- Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997, chun:
    - comhaontuithe comhchoiteanna faoin Acht a fhaomhadh agus a chlárú
    - achomhairc chinntí Oifigeach Breithnithe faoin Acht a chinneadh;

Le linn 2019, fuair an Chúirt Oibreachais trí iarratas chun comhaontuithe comhchoiteanna faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997, a fhaomhadh.

*Léaráid 6: gníomhaíocht achomharc maidir le Dhífhostú Éagóir, Comhionannas agus Eagrú Ama Oibre*




Is é feidhm na Cúirte Oibreachais chomh maith achomhairc cinntí Oifigeach Breithnithe a chinneadh faoi raon iomlán na reachtaíochta maidir le cosaint fostaíochta atá ann faoi láthair.


Féach [Aguisín 2] le haghaidh staidreamh mionsonraithe maidir le gníomhaíocht cásanna.

## Caibidil 3 Atreoruithe díospóidí

### 3.1 Treocht cúig bliana 2015 – 2019

In 2019 bhí an leibhéal de ghníomhaíocht díospóidí tionsclaíocha sa gheilleagar fós íseal.

*Léaráid 7: Líon na n-atreoruithe maidir le díospóidí fostaíochta agus tionsclaíocha 2015 - 2019*




### 3.2 Timpeallacht um chaidreamh tionsclaíoch in 2019

Bhí naoi ndíospóid thionsclaíoch ar an iomlán ar siúl in 2019 a bhain le 42,656 oibrí, agus bhí 1,814 oibrí bainteach i ndeich ndíospóid thionsclaíocha in 2018.

*Tábla 1: Díospóidí tionsclaíocha 2015 -2019*

| Category | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na nDíospóidí** | 9 | 10 | 10 | 10 | 9 |
| **Líon na nGnóthas** | 9 | 10 | * neamhbhainteach | 10 | 9 |
| **Líon na nOibrithe** | 42,656 | 1,814 | 9,456 | 29,372 | 37,760 |
| **Líon na Laethanta a Cailleadh** | ** neamhbhainteach | 4,050 | 50,191 | 71,647 | 32,964 |

** Níl líon iomlán na ngnóthas a bhí páirteach i ndíospóidí tionsclaíocha in 2017 ar fáil toisc na raibh an CSO ar fáil le líon na ngnóthas a bhí páirteach i ndíospóid tionsclaíoch amháin san earnáil tógála i R2 agus R3 2017 a dhearbhú.*

*** Ag tráth an fhoilsithe, ní raibh líon iomlán na laethanta a cailleadh le haghaidh 2019 ar fáil.*

**Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh**

## Caibidil 4 Gníomhaíochtaí eile le linn 2019

### *4.1 Comhchoistí Oibreachais*

Déantar foráil san Acht Caidrimh Thionscail, 1946 - 2015 i leith córas Comhchoistí Oibreachais, sásra atá ceaptha chun gur féidir rátaí íosta pá agus coinníollacha fostaíochta a leagan síos in earnálacha faoi leith.

Tá Comhchoiste Oibreachais comhdhéanta d'ionadaithe fostóirí agus oibrithe san earnáil ábhartha faoi chathaoirleach neamhspleách. Nuair a thagann sé ar chomhaontú maidir le téarmaí agus coinníollacha foilsíonn an Comhchoiste Oibreachais sonraí agus iarrann sé aighneachtaí. I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar aighneachtaí dá leithéid, féadfaidh an Coiste tograí a dhéanamh chun Ordú Rialaithe Fostaíochta a dhéanamh (féach 4.2 thíos) i ndiaidh.

Tacaíonn an Chúirt Oibreachais tacaíocht le hobair na gComhchoistí Oibreachais trí Rúnaíocht, cóiríocht agus saoráidí eile dá gcruinnithe a chur ar fáil.

Ceanglaítear ar an gCúirt Oibreachais faoi Alt 41A den Acht Caidrimh Thionscail, 1946 ('an tAcht') athbhreithniú a dhéanamh ar gach Comhchoiste Oibreachais uair amháin gach cúig bliana ar a laghad. Rinneadh an t-athbhreithniú deireanach den sórt sin ar an 20 Aibreán 2018. I ndiaidh an tAthbhreithniú sin a chur i gcrích agus orduithe arna ndéanamh ag an Aire i ndiaidh é a chur i gcrích tá na Comhchoistí Oibreachais seo a leanas ann:

1. Oibrithe Talmhaíochta
2. Lónadóireacht
3. Glanadh ar Conradh
4. Gruaigeadóireacht
5. Óstáin
6. Trádálacha Miondíola, Grósaera agus Comhthrádálacha
7. Tionscal Slándála

### *Gníomhaíochtaí sa réimse seo in 2019*

Le linn 2019, tionóladh 11 chruinniú Comhchoiste Oibreachais; bhain ceithre cinn díobh le Glanadh ar Conradh, bhain ceann amháin dóibh le Gruaigeadóireacht agus bhain sé cinn díobh le Tionscal Slándála.

Rinne an tAire Stáit le Freagracht as Trádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach AE agus Cosaint Sonraí iarratas maidir le Comhchoiste Oibreachais a bhunú d'Earnáil na Scoileanna Béarla. Leis an Ordú Rialaithe Fostaíochta (an tOrdú um Bunú Chomhchoiste Oibreachais na Scoileanna Béarla) 2019 (I.R. 593 de 2019) a socraíodh ón 2 Nollaig 2019 leagtar amach na rátaí íosta reachtúla maidir le luach saothair agus coinníollacha eile um fhostaíocht le haghaidh baill foirne acadúla, riaracháin, cothabhála, glanta agus slándála i Scoileanna Béarla. Cheap an tAire Cathaoirleach sa Chomhchoiste Oibreachais i mí Feabhra 2020.

I mí Lúnasa 2019, d'aontaigh an Chúirt Oibreachais go gcuirfeadh sí deireadh, láithreach, le clár gruagairí printíseachta a choinneáil agus a riar. Foilsíodh fógra ina dhiaidh sin ar www.labourcourt.ie inar cuireadh in iúl do ghruagairí printíseachta gur faoina bhfostóir agus faoin gComhchoiste Oibreachais Gruaigeadóireachta atá clárú anois agus saincheisteanna ar bith maidir le clárú a ardú leis an bhfostóir ar an gcéad dul síos.

## 4.2 Orduithe Rialaithe Fostaíochta

Is éard is Ordú Rialaithe Fostaíochta (ORF) ann ionstraim reachtúil lena leagtar amach tuarastail agus coinníollacha fostaíochta a bhaineann le gráid nó catagóirí oibrithe faoi leith in earnáil faoi leith. Ar bhonn na dtograí a fhaightear ón gComhchoiste Oibreachais don earnáil sin agus a ghlac an Chúirt Oibreachais, déanann an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ionstraim reachtúil lena ndearbhaítear téarmaí an ORF má bhíonn sí sásta gur comhlíonadh na coinníollacha reachtúla dá bhforáiltear san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012.

## 4.3 Comhchomhairlí Tionscail

Is ionann *"Comhchomhairle Tionscal cáilithe"* agus comhlacht deonach idirbheartaíochta do thionscal nó do chuid de thionscal agus a dhéanann ionadaíocht ar son fostóirí agus oibrithe. Má shásaíonn sé na coinníollacha atá leagtha amach sa reachtaíocht um chaidreamh tionsclaíoch, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Oibreachais ar chlárú agus má bhíonn sé sásta, féadfaidh an Chúirt é a chur ar Chlár na gComhchomhairlí Tionscail.

Éascaíonn an Chúirt Oibreachais na Comhchomhairlí Tionscail trí oifigeach de chuid na Cúirte a chur ar fáil chun gníomhú mar rúnaí ag a gcruinnithe. Ag deireadh 2019, bhí cúig Comhchomhairle Tionscail ghníomhacha ar an gClár agus, faoi mar a cheanglaítear le halt 23(3) den Acht Caidrimh Thionscail 1946, tá sonraí maidir leo siúd ar fáil in Aguisín 3.

Seachas na cúig chomhlacht ar Chlár na gComhchomhairlí Tionscail, tá roinnt comhlachtaí eile ann a dhéanann gníomhaíochtaí comhchosúla, ach nach ndearna iarratas ar chlárú – Comhchomhairle Tionscail an Tionscail Conarthaí Leictreachais agus Comhchomhairle Tionscail na bFostaithe Tionsclaíocha Stáit Cuireann an Chúirt Oibreachais oifigeach de chuid na Cúirte ar fáil chun gníomhú mar rúnaí ag cruinnithe comhlachtaí dá leithéid agus d'fhreastail oifigigh de chuid na Cúirte ar cheithre chruinniú de chuid Chomhchomhairle Tionscail na bFostaithe Tionsclaíocha Stáit.

Ní raibh gníomhaíocht ar bith ann in 2019 maidir le Comhchomhairle cláraithe nó neamhchláraithe.

## 4.4 Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe

Foráladh in Acht Caidrimh Tionscail (Leasú) 2015 i leith sásra a thabhairt isteach arís le haghaidh clárú comhaontuithe fostaíochta idir fostóir nó fostóirí agus ceardchumainn a rialaíonn téarmaí agus coinníollacha i bhfiontair aonair.

San Acht Caidrimh Tionscail (Leasú) 2015, sainítear comhaontú fostaíochta mar seo a leanas:

*"comhaontú maidir le luach saothair nó coinníollacha fostaíochta oibrithe d'aicme, cineál nó grúpa ar bith, a dhéantar idir ceardchumann nó ceardchumainn oibrithe agus fostóir amháin*

*nó níos mo nó ceardchumann fostóirí amháin nó níos mó, atá ina cheangal ar na páirtithe sa chomhaontú amháin i ndáil le hoibrithe na haicme, an chineáil nó an ghrúpa sin.*

I gcás go mbeidh an Chúirt Oibreachais sásta go gcomhlíonann comhaontú a cuireadh i láthair ceanglais reachtúla ábhartha cláróidh sí an comhaontú. Is é is éifeacht leis sin forálacha an chomhaontaithe a dhéanamh in-fhorfheidhmithe go dleathach i ndáil le gach oibrí den aicme, cineál nó grúpa a bhfuil sé le cur i bhfeidhm orthu.

San Ordú um Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe (Veterinary Ireland) 2019 (I.R. Uimh. 662 de 2019) leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha comhaontaithe ón 23 Aibreán 2019 a chuirfear i bhfeidhm maidir le gach Cigire Sealadach Tréidliachta atá fostaithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun seirbhísí cigireachta feola a sholáthar.

## *4.5 Orduithe Fostaíochta Earnála*

Déanann an tAire Ordú Fostaíochta Earnála (OFE) agus leagtar amach ann na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le luach saothair nó scéim pá breoiteachta nó scéim pinsean ar bith, de chuid oibrithe d'aicme, cineál nó grúpa faoi leith san earnáil eacnamaíoch lena mbaineann sé.

Ar iarratas chuig an gCúirt Oibreachais a fháil, is féidir léi athbhreithniú a thionscnamh maidir le teidlíochtaí pá agus pinsin agus pá breoiteachta oibrithe in earnáil faoi leith agus, má mheasfar cuí é, moladh a dhéanamh chuig an Aire maidir leis an gceist. Féadfar iarratas dá leithéid a dhéanamh trí:

- Ceardchumann oibrithe;
- Ceardchumann nó eagraíocht fostóirí; nó
- Ceardchumann oibrithe i gcomhar le ceardchumann nó eagraíocht fostóirí (ní mór don cheardchumann oibrithe agus don eagraíocht fostóirí bheith ionadaíoch go substainteach do na hoibrithe agus do na fostóirí san earnáil lena mbaineann an iarratas

Má bhíonn an tAire sásta gur chloígh an Chúirt le forálacha an Achta Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015, déanfaidh sé/sí an tOrdú. I gcás go ndéanfar ordú dá leithéid beidh sé ina cheangal ar fud na hearnála lena mbaineann sé agus beidh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ábalta é a fhorfheidhmiú.

Fuarthas iarratas amháin ar OFE in 2019 agus bhain sé le hEarnáil Conarthaí na Seirbhísí Tógála Innealtóireachta Meicniúla.

Le linn 2019 tháinig na hOrduithe Fostaíochta Earnála (OFEnna) seo a leanas i bhfeidhm:

- Tháinig Ordú na Fostaíochta Earnála (an Earnáil Conarthaí Leictreachais) 2019 (I.R. Uimh. 251 de 2019) i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2019 agus tá feidhm aige maidir leis an Earnáil Conarthaí Leictreachais mar a shainítear san ordú;
- Tháinig Ordú na Fostaíochta Earnála (Tógáil) (I.R. Uimh. 234 de 2019) i bhfeidhm ar an 1 Deireadh Fómhair 2019 agus tá feidhm aige maidir le gach gnóthas tógála agus gach gnóthas innealtóireachta sibhialta mar a shainítear san ordú.

## 4.6 Bréag-éisteachtaí na Cúirte Oibreachais

Le linn 2019, stiúir an Chúirt Oibreachais sé bhréag-éisteacht Cúirte Oibreachais chun deis a chur ar fáil don ghairm dlí, grúpaí fostóirí agus ceardchumainn chun léargas a fháil ar obair an chórais chuasai-dhlíthiúil.

Ar a n-iarratais, stiúradh bréag-éisteacht amháin do ICTU, dhá cheann do IBEC, dhá cheann don Dlí-Chumann agus ceann amháin do Forsa.

## 4.7 Seirbhísí Inmheánacha

### Bainistíocht Airgeadais

Maoinítear an Státchiste an Chúirt Oibreachais, tríd an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Thabhaigh an Chúirt caiteachas dar luach €2.848 milliún le linn 2019. Cuimsigh sin €2.46 milliún maidir le pá agus €0.388 milliún maidir le neamhphá. Déantar airgead uile na Cúirte Oibreachais a riar trí bhuiséad na Roinne agus tá sé ina chuid de chuntais na Roinne. Chomh maith lena tairiscintí féin a eagrú bhain an Chúirt leas chomh maith as tarraingt anuas ón Roinn i réimsí amhail foghlaim agus forbairt. Déantar monatóireacht ar chaiteachas ar bhonn rialta agus déantar é a athbhreithniú gach mí.

Le haghaidh sonraí féach Aguisín 5: Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2019.

### Seirbhís do Chustaiméirí

I gcomhthéacs an Tionscnaimh um Sheirbhís Cháilíochta do Chustaiméirí faoinár Seirbhísí Poiblí 2020, d'fhoilsigh an Chúirt Oibreachais a Cairt um Sheirbhísí agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí 2019-2021. Leagtar amach sa Chairt Custaiméirí an leibhéal seirbhíse a bhféadfaí úsáideoirí a bheith ag súil leis má bhíonn cúis acu le leas a bhaint as seirbhísí na Cúirte. Cuirtear síos sa Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí ar an dóigh a ndéanfar na gealltanais agus na caighdeáin atá leagtha amach sa Chairt Custaiméirí a sholáthar i gcomhréir le prionsabail treorach na Seirbhíse Cáilíochta do Chustaiméirí a glacadh ar fud na seirbhíse poiblí.

Lena chois sin, bhunaigh an Chúirt córas láidir chun déileáil le gearáin faoi cháilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil agus d'fhoilsigh sí a Nósanna Imeachta Gearán. Ní chlúdaítear Moladh/Cinneadh/Socru/Ordú a dhéanann an Chúirt Oibreachais sna nósanna imeachta gearán. Ní féidir cinntí maidir le cearta fostaíochta a achomharc ar phointe dlí ach chun na hArd-Chúirte amháin. Ní chlúdaítear stiúradh éisteachta de chuid na Cúirte sna nósanna imeachta gearán ach oiread.

Ní bhfuair an Chúirt Oibreachais gearáin fhoirmiúla ar bith le linn 2019.

### Meabhrán Tuisceana

In 2019 d'ullmhaigh an Chúirt Oibreachais Meabhrán Tuisceana lena máthair-Roinn (an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta) chun ceanglas a chomhlíonadh faoi chinneadh ón Rialtas an 15 Samhain 2011 agus faoin gClár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí a foilsíodh ar an 17 Samhain 2011 do gach Roinn chun, *inter alia*, Comhaontuithe Seirbhíse láidre a chur i bhfeidhm lena Comhlachtaí Stáit faoi mhí an Mheithimh 2012.

Gheall an Chúirt go soláthródh sí leibhéal seirbhíse comhaontaithe i gcomhréir leis na táirgí insoláthartha agus na critéir fheidhmíochta arna sainiú ina clár oibre bliantúil atá leagtha amach in Aguisín 6 agus i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha ar fad.

THE LABOUR COURT

An Chúirt Oibreachais



# Aguisíní

## Aguisín 1: Staidreamh um chaidreamh tionsclaíoch

*Tábla 1.1 Próifíl na gcásanna um chaidreamh tionsclaíoch a fuarthas*

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| **Achomhairc ar Mholtaí Oifigeach Breithnithe** | Alt 23(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969 | 127 | 194 |
| | Alt 10(1), an tAcht Caidrimh Tionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 | 1 | 0 |
| | Alt 45(a), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 | 3 | 1 |
| | OFE na hEarnála Tógála | 1 | 0 |
| **Atreorú Díreach** | Alt 20(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969 | 207 | 70 |
| | Alt 20(2) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969 | 1 | 0 |
| | Alt 2(1) den Acht Caidrimh Tionscail (Leasú), 2001 | 3 | 2 |
| | Alt 26(5) den Acht Caidrimh Thionscail, 1990 | 4 | 0 |
| | Alt 12(1) den Acht Caidrimh Tionscail (Leasú) 2015 | 1 | 0 |
| **Seirbhís Comhréitigh** | Alt 26(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1990 | 131 | 132 |
| **Iomlán** | | **479** | **399** |

*Tábla 1.2: Gníomhaíocht cásanna um chaidreamh tionsclaíoch 2019 de réir catagóire*

| | **Cásanna a Fuarthas** | | **Aistarraingthe agus Curtha i gCrích** | | **Cinntí** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Oibrí | Cuideachta | Aistarraingthe | Réitithe | Cinntí | Seasamh Leo | Athchinnte | Éagsúil | Lasmuigh den Teorainn Ama | Atreorú Díreach |
| **Alt 13(9), Acht CT 1969** | 92 | 35 | 68 | 19 | 127 | 35 | 19 | 72 | 1 | 0 |
| **Alt 10(1), Acht CT (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004** | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Alt 45(a), Acht CT 1946** | 3 | 0 | 0 | 0 | 2 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **OFE na hEarnála Tógála** | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Alt 20(1), Acht CT 1969** | 207 | 0 | 40 | 22 | 53 | 0 | 0 | 0 | 0 | 53 |
| **Alt 20(2), Acht CT 1969** | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Alt 2(1), Acht CT (Leasú), 2001** | 3 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| **Alt 26(5), Acht CT 1990** | 4 | 0 | 0 | 0 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 4 |
| **Alt 12(1), Acht CT (Leasú), 2015** | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Alt 26(1), Acht CT 1990** | 124 | 7 | 7 | 81 | 120 | 0 | 0 | 0 | 0 | 120 |
| **Iomlán** | **436** | **43** | **116** | **123** | **309** | **39** | **19** | **72** | **1** | **178** |

## Aguisín 2: Staidreamh um chearta fostaíochta

*Tábla 2.1: Gníomhaíocht um achomhairc ceart fostaíochta 2019 de réir catagóire*

| | Achomhairc a Fuarthas | | Aistarraingthe agus Curtha i gCrích | | | Cinntí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Oibrí | Cuideachta | Aistarraingthe | Réitithe | Cinntí | Seasamh Leo | Athchinnte | Éagsúil | Lasmuigh den Teorainn Ama | Atreorú Díreach |
| **Dífhostú Éagóir** | 138 | 85 | 65 | 59 | 73 | 34 | 15 | 17 | 4 | 3 |
| **Comhionannas** | 70 | 17 | 38 | 19 | 36 | 23 | 4 | 9 | 0 | 0 |
| **Eagrú Ama Oibre** | 49 | 29 | 37 | 23 | 31 | 11 | 4 | 13 | 2 | 1 |
| **Téarmaí Fostaíochta** | 30 | 30 | 23 | 17 | 29 | 12 | 8 | 9 | 0 | 0 |
| **Íocaíocht Pá** | 53 | 35 | 29 | 17 | 34 | 20 | 8 | 5 | 1 | 0 |
| **Obair Théarma Sheasta** | 6 | 3 | 4 | 1 | 6 | 5 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| **Obair Pháirtaimseartha** | 2 | 6 | 1 | 3 | 2 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| **Sábháilteacht, Sláinte agus Leas** | 14 | 3 | 4 | 6 | 7 | 6 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| **Íospá Náisiúnta** | 6 | 3 | 2 | 5 | 4 | 2 | 0 | 2 | 0 | 0 |
| **Íocaíochtaí Iomarcaíochta** | 7 | 22 | 7 | 7 | 20 | 13 | 5 | 2 | 0 | 0 |
| **Fógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta** | 20 | 22 | 10 | 13 | 16 | 5 | 6 | 4 | 1 | 0 |
| **Aistriú Gnóthas** | 12 | 2 | 2 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iompar Soghluaiste ar Bhóithre** | 2 | 1 | 1 | 4 | 4 | 2 | 1 | 0 | 1 | 0 |
| **Nochtadh Cosanta** | 13 | 1 | 1 | 1 | 8 | 7 | 1 | 0 | 0 | 0 |

| | Achomhairc a Fuarthas | | Aistarraingthe agus Curtha i gCrích | | | Cinntí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Oibrí | Cuideachta | Aistarraingthe | Réitithe | Cinntí | Seasamh Leo | Athchinnte | Éagsúil | Lasmuigh den | Atreorú Díreach |
| **Achomharc Fógra um Chomhlíonadh** | 0 | 1 | 0 | 0 | 4 | 1 | 2 | 1 | 0 | 0 |
| **Obair Gníomhaireachta Shealadach** | 2 | 2 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Cosaint Fostaíochta** | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Cosaint Mháithreachais** | 1 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Saoire Thuismitheoireachta** | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| **Pinsin** | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Cosc ar Éilliú** | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **An tAcht Sláinte** | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Cosaint Tomhaltóirí** | 2 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Soláthar Faisnéise** | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **436** | **267** | **226** | **177** | **278** | **145** | **55** | **65** | **9** | **4** |

*Tábla 2.2: Próifíl na n-achomharc um chearta fostaíochta a fuarthas*

| Alt /Acht/ Iarratas | 2019 | 2018 | % |
|---|---|---|---|
| **Comhionannas** | **87** | **93** | **-6.5%** |
| Alt 83, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Achomharc i gcoinne cinnidh ar rinne Oifigeach Breithnithe) | 76 | 85 | |
| Alt 77(12), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Achomharc i gcoinne cinnidh a rinne Oifigeach Breithnithe - teorainn ama) | 11 | 8 | |
| **Achtanna um Dhífhostú Éagóir** | **223** | **240** | **-7.1%** |
| Alt 8A na hAchtanna um Dhífhostú Éagóir, 1977 - 2015 | 223 | 240 | |
| **Eagrú Ama Oibre** | **78** | **104** | **-25%** |
| Alt 28(1), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Achomharc i gcoinne cinnidh a rinne Oifigeach Breithnithe) | 69 | 102 | |
| Alt 28(8), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Gearán nár cuireadh cinneadh a rinne Oifigeach Breithnithe i bhfeidhm) | 9 | 2 | |
| **An tAcht um Íoc Pá** | **88** | **84** | **4.8%** |
| Alt 7(1), an tAcht um Íoc Pá, 1991 | 88 | 84 | |
| **Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis)** | **60** | **74** | **-18.9%** |
| Alt 8(1), na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994-2018 | 60 | 74 | |
| **Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú** | **14** | **8** | **75%** |
| Alt 11(1) Rialacháin CE (Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú), 2003 | 14 | 8 | |
| **Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta** | **29** | **41** | **-29.3%** |
| Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 - 2014 | 29 | 41 | |
| **Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta** | **42** | **40** | **5%** |
| Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 - 2005 | 42 | 40 | |
| **An tAcht um Cheartas Coiriúil (Nochtadh Cosanta)** | **14** | **14** | **0%** |
| Alt 12(2), an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 | 14 | 14 | |
| **Íosphá Náisiúnta** | **9** | **7** | **28.6%** |
| Alt 27(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Achomharc i gcoinne cinnidh a rinne Oifigeach Breithnithe) | 8 | 6 | |
| Alt 31(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Gearán nár cuireadh cinneadh a rinne Oifigeach Breithnithe i bhfeidhm) | 1 | 1 | |

| Alt /Acht/ Iarratas | 2019 | 2018 | % |
|---|---|---|---|
| **Cosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)** | **8** | **4** | **100%** |
| Alt 17(1), an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Achomharc i gcoinne cinnidh a rinne Oifigeach Breithnithe) | 8 | 4 | |
| **Cosaint Fostaithe (Obair Théarma Sheasta)** | **9** | **16** | **-43.8%** |
| Alt 15(1), An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Sheasta), 2003 (Achomharc i gcoinne cinnidh a rinne Oifigeach Breithnithe) | 9 | 16 | |
| **Sábháilteacht, Sláinte agus Leas** | **17** | **23** | **-26.1%** |
| Alt 29(1) an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Achomharc i gcoinne cinnidh a rinne Oifigeach Breithnithe) | 17 | 23 | |
| **Iompar ar Bhóithre** | **3** | **6** | **-50%** |
| Alt 19, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar ar Bhóithre) (Eagrú Ama Oibre Daoine atá i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair de Bhóthar), 2012 | **3** | 6 | |
| **Gach achomharc eile a fuair an Chúirt** | **22** | **16** | **37.5%** |
| Alt 28, an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 (Achomharc Fógra um Chomhlíonadh) | 1 | 5 | |
| An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 | 4 | 3 | |
| Alt 33(1), an tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994 | 4 | 3 | |
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta), 2000 | 1 | 1 | |
| Alt 19(1), na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006 | 2 | 1 | |
| Alt 81(1), Acht na bPinsean, 1990 | 5 | 1 | |
| Alt 42, an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 (Diúltú Éilimh ag Oifigeach Breithnithe) | 0 | 2 | |
| Na hAchtanna um Chosaint Tomhaltóirí 2007 agus 2014 | 2 | 0 | |
| Alt 55(M)(11), an tAcht Sláinte 20004 agus 2007 | 1 | 0 | |
| Alt 15(1), an tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar) 2006 | 1 | 0 | |
| Alt 8A(5), an tAcht um Éilliú a Chosc (Leasú) 2001 | 1 | 0 | |
| **Iomlán** | **703** | **770** | **-8.7%** |

## Aguisín 3: Comhchomhairlí Tionscail cláraithe

Tá sonraí na gcomhlachas a leanas maidir le Clárú Comhchomhairlí Tionscail le linn na tréimhse arna clúdach sa Tuarascáil seo tugtha i gcomhréir leis ceanglais alt 23(3) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946.

1. Comhbhord um Chomhréiteach agus Eadráin don Tionscal Buataisí agus Bróg in Éirinn.

   Dáta an Chláraithe: 10 Iúil 1948

   An Rúnaí: C. Cronin Uasal/C. O'Reilly Uasal, an Chúirt Oibreachais

2. Comhchomhairle Tionscail do Thrádáil Mhórdhíola Torthaí agus Glasraí Bhaile Átha Cliath

   Dáta an Chláraithe: 27 Eanáir 1964

   An Rúnaí: C. Cronin Uasal/C. O'Reilly Uasal, an Chúirt Oibreachais

3. Comhchomhairle Tionscail don Tionscal Tógála

   Dáta an Chláraithe: 26 Iúil 1965

   An Rúnaí: C. Cronin Uasal/C. O'Reilly Uasal, an Chúirt Oibreachais

4. Comhchomhairle Tionscail don Tionscal Slándála

   Dáta an Chláraithe: 12 Nollaig 2011

   An Rúnaí: C. Cronin Uasal/C. O'Reilly Uasal, an Chúirt Oibreachais

5. Comhchomhairle Tionscail don Tionscal um Ghlanadh ar Conradh

   Dáta an Chláraithe: 19 Nollaig 2011

   An Rúnaí: C. Cronin Uasal/C. O'Reilly Uasal, an Chúirt Oibreachais

   Secretary: Ms. C. Cronin/Ms. C. O'Reilly, The Labour Court

## Aguisín 4: Tuilleadh eolais

Is féidir tuilleadh eolais faoi rud ar bith sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar fáil ó:

An Chúirt Oibreachais
Áras Lansdún
Bóthar Lansdún
Baile Átha Cliath 4
D04 A3A8

Teileafón: (01) 613 6666
Uimhir Saorghlao (má tá tú ag glaoch lasmuigh den limistéar (01)): 1890 22 02 28
Ríomhphost: info@labourcourt.ie
Suíomh gréasáin: www.labourcourt.ie

| **Fiosrú** | **Rannóg ábhartha na Cúirte Oibreachais** | **Teagmháil** |
|---|---|---|
| Maidir le cás sonrach roimh an éisteacht | An Rannóg Ríomhchláraithe | (01) 6136608, 6136650, 6136610<br>Ríomhphost info@labourcourt.ie |
| Maidir le cás sonrach i ndiaidh na héisteachta | Rúnaí Cúirte Ábhartha | Arna chur in iúl ag an éisteacht |
| Comhchoistí Oibreachais<br>Comhaontaithe Fostaíochta Cláraithe/Orduithe Fostaíochta Earnála<br>Orduithe Rialaithe Fostaíochta | Rúnaí Cúirte Ábhartha | Arna chur in iúl ag an éisteacht |
| Faisnéis ghinearálta maidir le cúrsaí um chaidreamh tionsclaíoch agus um chearta fostaíochta. | Seirbhísí Custaiméirí maidir le Caidreamh san Áit Oibre | 1890 80 80 90 |

## Aguisín 5: Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2019

*Tábla 5.1, táirgeacht na Cúirte Oibreachais 2019*

| Táirgeacht | € |
|---|---|
| Pá | 2,460,058 |
| Neamhphá | 388,234 |
| **Iomlán** | 2,848,292 |

*Tábla 5.2 Príomhréimsí an chaiteachais neamhphá*

| | € |
|---|---|
| Éisteachtaí réigiúnacha | 127,612 |
| Postas/Teileafón: | 87,580 |
| Trealamh agus Soláthairtí Oifige | 48,158 |
| Áitreabh Oifige | 58,392 |

### *Íocaíochtaí Prasa*

Le linn 2019 lean an Chúirt leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 a chomhlíonadh, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht a Dhéanamh Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002.

## Aguisín 6: Clár Oibre na Cúirte Oibreachais le haghaidh 2019

*Príomhghníomhaíochtaí agus Príomhtháscairí Feidhmíochta*

| Cuspóir Straitéiseach | Cuspóir | Feidhmíocht |
|---|---|---|
| **Tosaíocht Straitéiseach 1: Seirbhís éifeachtach ardchaighdeáin a chur ar fáil d'úsáideoirí an cúirte** | Próiseáil, liostú agus bainistíocht cásanna feabhsaithe a sholáthar. | • Athbhreithniú Próiseas Gnó a dhéanamh ar phróisis riaracháin déanta le hullmhú le haghaidh ascnamh chuig córas bainistíochta cásanna úra agus comhdú ar líne.<br>• Forbairt leanúnach na gcóras faisnéise bainistíochta chun soláthar seirbhíse feabhsaithe a thomhas agus taca a chur faoi. |
| | A chinntiú go dtacófar le gach suí sceidealaithe Cúirte chun freastal ar riachtanais gach úsáideora. | • Glacadh páirt i gCoiste Comhairleach Daoine faoi Mhíchumas na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.<br>• Athbhreithniú déantar ar sceidealú cásanna mar chuid den Athbhreithniú Próiseas Gnó. |
| | Taca a chur faoi choincheap na Cúirte Oibreachais mar chúirt na rogha deiridh i gcás díospóidí caidrimh thionsclaíoch agus mar an gcomhlacht achomhairc aonair maidir le gach gearán a dhéantar faoi chorpas an dlí um fhostaíocht agus aitheantas branda láidir agus cumarsáid leis an bpobal a fheabhsú | • Oibríodh le dearthóir grafaice chun oibriú ar aitheantas branda lena chur i bhfeidhm in 2020.<br>• Athbhreithniú déantar arFhoirmAchomhairc agus gach cumarsáid chaighdeánach. |
| | Caighdeáin chuí seirbhíse do chustaiméirí a fhorbairt. | • Forbairt leanúnach na gcóras faisnéise bainistíochta chun soláthar seirbhíse feabhsaithe a thomhas agus taca a chur faoi.<br>• Cairt um Sheirbhísí do Chustaiméirí foilsithe, Plean Gníomhaíochta agus Nósanna Imeachta Gearán foilsithe. |
| **Tosaíocht Straitéiseach 2: Comhaltaí Cúirte agus baill foirne riaracháin a fhorbairt agus tacú leo** | Tacú le forbairt ball foirne riaracháin trí na riachtanais oiliúna reatha agus amach anseo a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu agus a chinntiú go soláthrófar na scileanna, an t-eolas agus na taithí do bhaill foirne a | • Béim curtha ar mheantóireacht agus ar oiliúint.<br>• Rannpháirtíocht na mball foirne i líonraí níos leithne agus grúpaí oibre spreagtha.<br>• Soghluaisteacht ball foirne sainaitheanta agus curtha i bhfeidhm. |

| Cuspóir Straitéiseach | Cuspóir | Feidhmíocht |
| --- | --- | --- |
| | theastaíonn lena róil a fheidhmiú agus a fhorbairt | |
| | Aistriú eolais a chur ar fáil chun leanúnachas seirbhíse a chinntiú nuair a aistreofar baill foirne riaracháin mar gheall ar ardú céime, soghluaisteacht, nó scor. | • Lámhleabhair nósanna imeachta ullmhaithe.<br>• Oibriú le hAonad AD na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta lena chinntiú go ndéanfar athruithe ar an bhfoireann a bhainistiú. |
| | Cumarsáid sheachtrach a fheabhsú | • Cumarsáid sheachtrach a fheabhsú. |
| | Leanúint leis an gclár um fhorbairt ghairmiúil leanúnach do chomhaltaí na Cúirte | • Aschuir forbartha gairmiúla do chomhaltaí eagraithe.<br>• Tacú le staidéar acadúil ábhartha ag comhaltaí.<br>• Rátaí ísle achomharc chun na hArd-Chúirte agus rátaí ísle iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach. |
| **Tosaíocht Straitéiseach 3: Teicneolaíocht a bharrfheabhsú agus an próiseas bainistíochta cásanna a fheabhsú** | Éifeachtúlachtaí a ghiniúint ó níos mó úsáide as soláthar seirbhíse ar líne | • Athbhreithniú Próiseas Gnó chun tacú le córas bainistíochta cásanna úr atá beartaithe agus digitiú gníomhaíochtaí. |
| | Próisis agus sruthanna oibre níos éifeachtaí a shainaithint agus a chur chun feidhme | • Athbhreithniú Próiseas Gnó Déanta.<br>• Forbairt leanúnach na gcóras faisnéise bainistíochta chun soláthar seirbhíse feabhsaithe a thomhas agus taca a chur faoi. |
| | Feabhas a chur ar www.labourcourt.ie chun rochtain áisiúil fheabhsaithe ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí ar líne a chur ar fáil d'úsáideoirí na cúirte. | • Uirlis anailísíochta úsáidte chun monatóireacht a dhéanamh ar threocht an ghréasáin agus réimse a dteastaíonn feabhas a chur orthu a shainaithint. |
| **Tosaíocht Straitéiseach 4: Rialachas éifeachtach a chinntiú** | Leanúint ag cloí le ceanglais na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta i ndáil le pleanáil ghnó, bainistíocht riosca, bainistíocht taifead, soláthar poiblí, nósanna imeachta airgeadais, RGCS, SF. | • Cinnte go dtacaíonn próisis agus nósanna imeachta le comhlíonadh rialachais chorparáidigh.<br>• Tuarascálacha curtha isteach in am agus i dtráth chuig an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. |

THE LABOUR COURT
An Chúirt Oibreachais


**AN CHÚIRT OIBREACHAIS**

Áras Lansdún
Bóthar Lansdún
Baile Átha Cliath 4
D04 A3A8

Teileafón: 01 6136666
Uimhir Saorghlao:1890 220 228
Ríomhphost: info@labourcourt.ie
Suíomh gréasáin: www.labourcourt.ie